An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council



Tuarascáil Bhliantúil 2014/2015

# TAIGHDE
# CLEACHTAS ATHMHACHNAIMH
# CAIDRIMH

# 2014-2015: Roghbhlúire

**90,036**
**MÚINTEOIR AR AN gCLÁR**

MNÁ IAD 77%

FIR IAD 23%

RINNE **97%** DE MHÚINTEOIRÍ ATHNUACHAN AR A gCLÁRÚ IN AM




BREATHNAÍODH AR RÍOMHIRISÍ NA COMHAIRLE NÍOS MÓ NÁ **120,000 UAIR**

RINNEADH ATHBHREITHNIÚ
**AR 24 CLÁR**
D'OIDEACHAS TOSAIGH MÚINTEOIRÍ

RINNE **76**% DE MHÚINTEOIRÍ ATHNUACHAN AR A gCLÁRÚ AR LÍNE

BHÍ OS CIONN **1,000** DUINE RANNPHÁIRTEACH IN FÉILTE I MÍ DHEIREADH FÓMHAIR TRÍ FHREASTAL AR AN ÓCÁID AGUS TRÍ BHREATHNÚ AIR AR LÍNE




THÁINIG MÉADÚ AR LEANTÓIRÍ TWITTER FAOI NÍOS MÓ NÁ **4,000**

TUGADH CUAIRT AR LÁITHREÁN GRÉASÁIN NA COMHAIRLE NÍOS MÓ NÁ **1.4 MILLION UAIR**

BAINEADH ÚSÁID AS CUARDAIGH AN CLÁR **153,000** UAIR

# Brollach



**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*

**Sa tuarascáil bhliantúil seo tugtar eolas faoi ghníomhaíochtaí na Comhairle Múinteoireachta idir an 28 Márta 2014 agus an 27 Márta 2015.**

## Feidhmiúlacht chun Múineadh

Lean an obair ar aghaidh i rith na bliana chun ullmhú le Feidhmiúlacht chun Múineadh a thabhairt isteach, ina mbeidh an chumhacht ag an gComhairle Mhúinteoireachta imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin atá déanta faoi iompar agus inniúlacht múinteora. Tuigtear dúinn go gcuirfidh an tAire Oideachais agus Scileanna tús leis an gcuid sin de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 sa dara leath de 2015.Go luath in 2014, bhí an chéad chruinniú iomlánach againn de na páirtithe leasmhara a bhfuil spéis acu san Feidhmiúlacht chun Múineadh agus, leanfaidh an Chomhairle i mbun teagmhála le páirtithe leasmhara agus múinteoirí lena chinntiú go dtuigeann siad an próiseas.

## Foghlaim múinteoirí

Tá an coincheap faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil do mhúinteoirí á mholadh ag oideachasóirí agus múinteoirí leis na blianta. Mar an comhlacht caighdeán gairmiúla don mhúinteoireacht in Éirinn tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag iarraidh athdhearbhú a thabhairt don phobal agus don ghairm go bhfuil múinteoirí rannpháirteach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil trí chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí a fhorbairt.

Go déanach in 2014, chuir an Chomhairle tús le comhairliúchán maidir lena leithéid de chreatlach a fhorbairt. Ghlac níos mó ná 3,300 múinteoir páirt sa chéad chéim. Próiseas ar leith a bhí i gceist leis seo toisc nach raibh an Chomhairle ag dul i gcomhairle maidir le dréacht ullmhaithe den chreatlach. Seachas sin, tugadh cuireadh do mhúinteoirí tuairimí a chur ar fáil ar dtús sular cuireadh tús leis an bpróiseas dréachtaithe. Ar an mbealach sin, bhí an ghairm in ann dul i bhfeidhm ar an gcéad dréacht den chreatlach.

Ní saincheisteanna furasta iad ar chor ar bith. Ní mór d'fhorbairt creatlaí náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí tosca éagsúla a chur san áireamh atá go mór i bhfeidhm i gcóras oideachais na hÉireann. Táim ag súil go mór le dul i mbun tuilleadh teagmhála le múinteoirí agus leis na páirtithe leasmhara eile agus muid ag obair i gcomhar lena chéile chun an chreatlach a fhorbairt.

Faoi dheireadh na bliana tuairiscithe, bhí beagnach 150 scoil ag glacadh páirte sa chlár píolótach Droichead. Is céim thábhachtach í an t-ionduchtú sa ghairm do mhúinteoirí nuacháilithe. Is é an aidhm atá ag Droichead ná feabhas a chur ar an tacaíocht atá á fáil cheana féin ag múinteoirí nua. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na múinteoirí a bhí rannpháirteach in Droichead i rith na bliana. Is ceannairí ina ngairm iad na múinteoirí seo, agus tá ról lárnach acu le Droichead a fhorbairt ar mhaithe leis an ngairm, agus lena ndaltaí.


## Tiomantas

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil ríthábhacht leis an gcomhpháirtíocht i gcúrsaí oideachais. I rith na bliana seo, chonaic mé na torthaí mar gheall ar an gcomhoibriú idir an Chomhairle agus na comhpháirtithe oideachais éagsúla. Tá an tiomantas atá ag na comhpháirtithe uile do chur chun cinn an ardchaighdeáin fheabhais i gcúrsaí oideachais le moladh.

Gabhaim buíochas le mo chomhbhaill den Chomhairle don tiomantas leanúnach a léirigh sibh ag iarraidh misean na Comhairle a bhaint amach, is é sin, na caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.


Gabhaim buíochas chomh maith le Stiúrthóir, le lucht bainistíochta agus le foireann na Comhairle as an obair dhian a rinne siad chun tacú leis an gComhairle agus a sainordú reachtúil á chur i gcrích aici. Ba bhliain an-ghnóthach í 2014/2015 agus gabhaim buíochas le gach duine as ucht a gcuid iarrachtaí móra.

Ar deireadh, is mian liom i gcónaí aiseolas a fháil ó mhúinteoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le hobair na Comhairle Múinteoireachta. Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost a chur chuig communications@teachingcouncil.ie.



**Micheál Ó Gríofa**, *Cathaoirleach*

# Tuairisc ón Stiúrthóir



**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

**Is cúis mhór áthais dom bheith in ann tuarascáil bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta don bhliain tuairiscithe 2014/2015 a chur i láthair. Ba bhliain bhisiúil a bhí ann, ina bhfacthas dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an gComhairle agus tacaíocht á tabhairt don cheannaireacht ghairmiúil um theagasc agus fhoghlaim fheabhsaithe.**

### Plean Straitéiseach

Le linn na bliana tuairiscithe, d'fhorbair agus d'fhoilsigh an Chomhairle a plean straitéiseach ó 2015 go 2017. Sa phlean leagtar amach cuspóirí straitéiseacha na Comhairle do na chéad trí bliana eile amach romhainn. Déileálann na cuspóirí seo le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus iad ag iarraidh nósmhaireacht na comhfhoghlama a bhaint amach; caighdeáin a fhorbairt agus a chur chun cinn d'oideachas múinteoirí, agus a chinntiú go mbaintear amach na caighdeáin trí chlárú éifeachtach; a bheith chun tosaigh agus feabhas á chur ar nósmhaireacht na foghlama gairmiúla trí chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí; agus, a chinntiú go gcuireann forbairt phróiseas Feidhmiúlachta chun Múineadh le muinín an phobail sa ghairm.

### FÉILTE

I mí Dheireadh Fómhair, bhí sé de phléisiúr agam bualadh le múinteoirí nuálacha ag FÉILTE. D'éirigh thar cionn leis an ócáid agus táim an-bhuíoch den aiseolas ar fad a fuaireamar maidir leis an bhféile. D'fhás FÉILTE ó léacht i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann ina raibh lucht féachana 150 duine in 2012, go Cumann Ríoga na hÉireann (RDS) in 2014 ina raibh lucht féachana iomlán de 1,050 duine, agus ina measc, iad siúd a bhí ag breathnú ar an sruth beo ar líne. Leanfaidh an Chomhairle ag obair i gcomhar leis an ngairm chun tuilleadh feabhais a chur ar FÉILTE, le níos mó múinteoirí agus ball den phobal ag freastal air.

### Foghlaim múinteoirí

Sa bhliain tuairiscithe seo rinne an Chomhairle iarracht mhór dul i gcomhairle le múinteoirí faoina bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil múinteoirí, mar dhaoine aonair agus mar bhaill de na pobail foghlama ghairmiúla, i mbun rannpháirtíochta cheana féin san fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus tá dea-thoil agus solúbthacht ollmhór léirithe acu. Aithníonn an Chomhairle freisin an fiúntas a bhaineann leis an bhfoghlaim ghairmiúil scoilbhunaithe agus an tionchar a bhíonn aige ar fhoghlaim múinteoirí agus daltaí, agus an fiúntas a bhaineann le cineálacha eile d'fhoghlaim múinteoirí, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) atá curtha ar fáil ag seirbhísí tacaíochta, ionaid oideachais, coláistí agus ollscoileanna. Nuair a dhéantar forbairt ar chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí cuirfear deis ar fáil a bhfuiltear ag fanacht léi le fada chun an rannpháirteachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil sin a thuiscint agus a aithint.

### Rannpháirtíocht ghairmiúil

Tugadh misneach dom de bharr fuinnimh agus beochta líon mór múinteoirí ar bhuail mé leo i rith na bliana, atá tugtha agus díograiseach don ghairm. Ag deireadh 2014, ghlac os cionn 3,300 múinteoir páirt i gcomhairliúchán maidir le FGL. Go luath in 2015, d'fhreastail beagnach 500 múinteoir ar lá comhfhoghlama faoi Droichead. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail os cionn 1,000 duine ar FÉILTE nó bhreathnaigh siad air ar líne. Tá níos mó agus níos mó múinteoirí i dteagmháil leis an gComhairle ar Twitter, agus ag léamh ríomhiris na Comhairle. Cuireann an Chomhairle fáilte roimh an rannpháirteachas seo atá ag éirí níos láidre de shíor le gairm na múinteoireachta agus ina measc. Táim an-dóchasach go mbeidh an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhpháirtíocht leis an ngairm agus leis na comhpháirtithe eile i gcúrsaí oideachais, in ann cur le caighdeán na taithí foghlama dár leanaí, daoine óga agus foghlaimeoirí fásta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach na Comhairle, Micheál Ó Gríofa, agus le comhaltaí na Comhairle, as an tacaíocht leanúnach a thugann siad, agus le foireann na Comhairle as an obair dhíograiseach atá déanta acu agus a dtiomantas.



**Tomás Ó Ruairc**, *Stiúrthóir*



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta | 8 |
| **2** | Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach | 10 |
| **3** | An Clár Múinteoirí | 11 |
| **4** | Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil | 13 |
| **5** | Teagasc, Foghlaim agus Taighde | 14 |
| **6** | Gairm na Múinteoireachta a chur chun cinn agus cumarsáid | 16 |
| **7** | Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil | 19 |


## Aguisíní


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Ráitis Airgeadais | 22 |
| **2** | Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta | 37 |
| **3** | Coistí agus painéil | 38 |
| **4** | Costais chomhaltaí na Comhairle 2014 | 43 |

# 1 Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

**Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006. Is iad feidhmeanna reachtúla na Comhairle:**

- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- cód iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, a mbeidh caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta ar áireamh ann, agus
- forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn.

**Bíonn gach rud a dhéanann an Chomhairle dírithe go bunúsach ar an teagasc agus an fhoghlaim. Is iad na trí chrann taca a thacaíonn leis an obair seo ná an Taighde, Cleachtas Athmhachnaimh agus Caidrimh.**



## Taighde

Tá an taighde a dhéanann múinteoirí agus a dhéantar do mhúinteoirí riachtanach chun tacú lena bhfoghlaim agus a gcleachtas mar dhaoine gairmiúla. Braitheann an Chomhairle ar chúrsaí taighde freisin leis na cinntí is fearr agus is féidir a dhéanamh ar mhaithe leis an múinteoireacht agus an fhoghlaim.

## Caidrimh

*"Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim uile ná caidrimh a thuiscint"*
(George Washington Carver)

Tagann an teagasc agus an fhoghlaim i réim trí chaidrimh dhearfacha agus thairbheacha. Braitheann caighdeán obair na Comhairle ar chaighdeán a caidreamh le daoine eile.

## Cleachtas Athmhachnaimh

Tá an cleachtas athmhachnaimh riachtanach do gach múinteoir, agus do mhúinteoirí mar phobal foghlama gairmiúla, ionas go mbeidh daoine gairmiúla in ann na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe lena mic léinn. Tá sé ríthábhachtach le múinteoirí a chothú mar dhaoine chomh maith le daoine gairmiúla. Mar eagraíocht fhoghlama, tugann an Chomhairle faoi chleachtas athmhachnamhach freisin, chun cabhrú linn na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe leis an ngairm, tuismitheoirí, daltaí agus leis an bpobal i gcoitinne.

## Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta

**Tá 37 comhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta atá déanta suas díobh seo a leanas:**


- 11 mhúinteoir bunscoile, naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile, seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oirdeachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Tá tuilleadh mionsonraí faoi chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta le fáil in Aguisín 2.

## Feidhmeannas na Comhairle Múinteoireachta

Tugann feidhmeannas ar a bhfuil 37 ball foirne, faoi stiúir foirne bainistíochta sinsearaí, tacaíocht don Chomhairle Mhúinteoireachta.

**Cairt Eagrúcháin na Comhairle Múinteoireachta**



# 2 Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

**I rith na bliana, rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach ó thaobh gach ceann de na sé chuspóir straitéiseacha sin a bhaint amach.**

**Tábla 1:** Dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

| Cuspóir | | Dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe |
|---|---|---|
| 1 | **Na hailt sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, nár cuireadh tús leo go fóill a chur chun feidhme láithreach.** | › Foilsíodh an Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015. |
| 2 | **Na hardchaighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chur chun cinn ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora.** | › Rinneadh athbhreithniú ar 24 clár d'oideachas tosaigh múinteoirí.<br>› Lean Droichead,clár píolótach na Comhairle de shamhail nua ionduchtúcháin agus promhaidh do mhúinteoirí nuacháilithe, ar aghaidh, agus bhí 149 bunscoil agus iarbhunscoil rannpháirteach ann faoi dheireadh na bliana tuairiscithe.<br>› Rinneadh an chéad chéim de phróiseas comhairliúcháin maidir le creatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí a fhorbairt. |
| 3 | **Ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta mar chomhlacht rialála agus mar chomhlacht caighdeán gairmiúla don mhúinteoireacht a chur chun cinn.** | › Bhí an dara FÉILTE bliantúil ar siúl san RDS, Baile Átha Cliath.<br>› Eisíodh trí ríomhiris nua.<br>› Cuireadh páipéir faoi bhráid páirtithe leasmhara ar raon saincheisteanna.<br>› Eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt.<br>› Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara. |
| 4 | **Treoir a thabhairt d'fhorbairt ghairm na múinteoireachta.** | › Leanadh den obair ullmhúcháin le tús a chur leis an bhFeidhmiúlacht chun Múineadh.<br>› Rinneadh athnuachan ar an gceadúnas EBSCO ar feadh bliana eile, agus cuireadh leis chun an bailiúchán foinse Ceannaireachta agus Bainistíochta a chur san áireamh. |
| 5 | **Díospóireacht náisiúnta a thionscnamh ar an bhféidearthacht an córas oideachais a athchoincheapú chun eispéireas feabhsaithe teagaisc agus foghlama a chur ar fáil inár scoileanna a bheadh cuí don 21ú haois.** | › Pléadh saincheisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar an ngairm agus ar theagasc agus foghlaim leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta.<br>› Rinneadh láithreoireachtaí ag comhdhálacha páirtithe leasmhara.<br>› Cuireadh ailt ar fáil d'fhoilseacháin de chuid páirtithe leasmhara agus do na meáin chumarsáide náisiúnta. |
| 6 | **Cumas na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.** | › Cuireadh tús le daoine a fhostú sa rannóg um Chaighdeáin Ghairmiúla le linn na bliana tuairiscithe nuair a ceapadh Oifigeach um Chaighdeáin Ghairmiúla. Ceapadh Oifigeach um Fhoghlaim Ghairmiúil agus Oifigeach Clárúcháin freisin.<br>› Ceadaíodh seacht bpost bhreise, atá riachtanach mar gheall ar an méadú i bhfeidhmeanna na Comhairle.<br>› Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na córais TF a thugann tacaíocht don Chomhairle agus rinneadh forbairt ar straitéis TF 2015-2020.<br>› Forbraíodh agus foilsíodh Plean Straitéiseach 2015-2017 don Chomhairle. |

# 3 An Clár Múinteoirí



**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as baill ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is é atá i gceist leis sin an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus iarratais le bheith curtha leis an gClár a mheasúnú.**

Bhí 90,036 múinteoir ar an gClár ar an 27 Márta 2015. Is ionann sin agus méadú glan of 3,098* ar an mbliain roimhe sin.

Is mná iad tuairim is 77% de na múinteoirí atá cláraithe agus is fir iad 23% díobh.

**I rith na bliana:**

- cuireadh 3,408 céimí nua leis an gClár
- cuireadh 2,143 duine nuachláraithe eile leis an gClár
- baineadh 2,149 múinteoir den Chlár toisc nár íoc siad táillí athnuachana agus
- baineadh 304 múinteoir den Chlár dá ndeoin féin.

**Maidir leis na daoine nua a cuireadh leis an gClár:**

- Tá 2,188 duine díobh san earnáil bhunoideachais
- Tá 2,115 duine díobh san earnáil iarbhunoideachais
- Tá 1,321 duine díobh san earnáil bhreisoideachais agus
- Tá 80 duine díobh san earnáil Montessori agus catagóirí eile.

* I dTuarascáil Bhliantúil 2013/2014 luaitear go raibh 87,243 múinteoir chláraithe ar an 27 Márta 2014. Tá an difríocht de 43 múinteoir chláraithe ann mar gheall ar aimhrialtacht ama.

Tabhair faoi deara go gcláraíonn roinnt múinteoirí i níos mó ná earnáil amháin. Míníonn sé seo an difríocht idir líon na n-iontrálaithe nua sa ghairm agus líon na n-iontrálaithe nua de réir earnála.

### Alt 30

Ar an 28 Eanáir 2014, chuir an tAire Oideachais agus Scileanna a bhí ann ag an am, Ruairí Quinn TD, tús le hAlt 30 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2012. Is é atá san alt seo ná bunús obair na Comhairle chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil. Leis seo, cinntítear go bhfuil clár ann de na múinteoirí uile sa tír, atá á chothabháil ag comhlacht caighdeán gairmiúla agus a bhfuil mar fhreagracht reachtúil air na caighdeáin is airde sa mhúinteoireacht a chur chun cinn. Is ráiteas soiléir é don phobal é an Clár Múinteoirí maidir leis na caighdeáin nach mór do dhaoine a chomhlíonadh le bheith ina múinteoirí, lena n-áirítear cáilíochtaí, fianaise ar charachtar, agus grinnfhiosrú an Gharda Síochána.

Éifeacht Alt 30 is ea nach mór do mhúinteoir atá fostaithe i scoil aitheanta agus a fhaigheann tuarastal trí mhaoiniú ón Stát bheith cláraithe leis an gComhairle d'fhonn tuarastal a íoc leis nó léi. Le linn na bliana tuairiscithe tá feabhas curtha ag an gComhairle ar an gcóras meabhraithe do mhúinteoirí leis an gclárú a athnuachan. D'éirigh thar cionn leis seo, agus rinne 97% de mhúinteoirí a gclárú a athnuachan in am.

### Clárú a athnuachan

Ní foláir do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach bliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí.

Le linn na bliana, rinne 76% de na múinteoirí a gclárú a athnuachan ar líne.

Is é €65 an táille athnuachana clárúcháin agus is féidir faoiseamh ó cháin ioncaim a éileamh ina leith.

### Coinníollacha clárúcháin

Bronntar clárú coinníollach nuair nach bhfuil riachtanais chlárúcháin uile na Comhairle Múinteoireachta comhlíonta ag múinteoir. Cuirtear na coinníollacha a bhaineann le clárú múinteora, conas is féidir leis an múinteoir tabhairt fúthu agus an tréimhse ama a cheadaítear chun é sin a dhéanamh, in iúl don mhúinteoir nuair a chláraíonn sé nó sí.

Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Chomhairle tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha atá ceangailte le clárúcháin na múinteoirí. Thosaigh an Chomhairle le próiseas cumarsáide le níos mó ná 7,200 múinteoir i leith na gcoinníollacha ceangailte lena gclárúcháin.

### Grinnfhiosrú an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle grinnfhiosrú múinteoirí a riar ar mhaithe le clárú agus fostaíocht.

Thug 9,240 múinteoir an próiseas grinnfhiosrúcháin chun críche i rith na bliana.

Rinne Painéal Fianaise ar Charachtar de chuid na Comhairle breithniú ar 165 nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith daoine a bhí ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí i rith na bliana.

Nuair a bhíonn tosach feidhme leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, tabharfar isteach líon mór athruithe ar an mbealach ina dtugtar faoi ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána do dhaoine atá ag obair le leanaí agus le daoine soghonta. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an eagraíocht chuí leis an ngrinnfhiosrú a riar do mhúinteoirí in Éirinn. Tá líon leasuithe curtha i láthair ag an Aire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, don Chomhairle Mhúinteoireachta, ionas gur féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta na socruithe nua atá de dhíth ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, a chur i bhfeidhm. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, cuireadh an Bille um an Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015, faoi bhráid an Oireachtais.

### Rochtain ar fhaisnéis ar an gClár

Tá an Clár Múinteoirí ar fáil don phobal le hiniúchadh a dhéanamh air trí áis ar líne 'Cuardaigh an Clár' ar www.teachingcouncil.ie. Úsáideadh an áis sin tuairim is 153,000 uair i rith na bliana.

### Soláthar Múinteoirí

Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le soláthar múinteoirí.

D'iarr an tAire roimhe seo, Ruairí Quinn TD, comhairle na Comhairle maidir le soláthar múinteoirí i gcóras scoile na hÉireann sna blianta amach romhainn. Bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil faoi chathaoirleacht Mr Ciarán Flynn (Iar-Ard-Rúnaí an ACCS) agus ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón gComhairle Mhúinteoireachta. Is í an tOllamh (Emeritus) Áine Hyland atá mar chomhairleoir oideachais don ghrúpa agus is é an tOllamh Anthony Finn (iar-Príomhfheidhmeannach Chomhairle Mhúinteoireachta Ghinearálta d'Albain) an rapporteur.

I rith na bliana tuairiscithe, chuir an grúpa réimse leathan le chéile de na sonraí atá ann cheana féin maidir le soláthar, éileamh agus imlonnú múinteoirí i gcóras scoile na hÉireann. Rinneadh anailís shubstaintiúil ar na sonraí atá ar Chlár Múinteoirí na Comhairle. Chuir sé seo le tuiscint níos fearr ar chóhort na múinteoirí ar an gClár faoi láthair, na múinteoirí nua atá ag teacht isteach agus na múinteoirí atá ag imeacht agus ag dul ar scor nó ag fágáil na múinteoireachta.

Bhí an chéad cheann de líon na gcruinnithe comhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais ar siúl i mí na Nollag 2014. Chuir an grúpa tuarascáil eatramhach chuig an Aire Oideachais agus Scileanna i mí na Nollag 2014. Tá sé beartaithe ag an ngrúpa a tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta agus an Aire faoi dheireadh 2015.

### Riachtanais ábhair iarbhunscoile

I rith na bliana tuairiscithe, rinne na hinstitiúidí ardoideachais riachtanais ábhair churaclaim iarbhunscoile leasaithe na Comhairle Múinteoireachta a ionchorprú ina bpróisis feidhmithe um Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO). Ionchorpraíodh na riachtanais seo cheana féin sna cláir oideachais tosaigh múinteoirí chomhreathacha agus athchumraithe, agus tá múinteoirí faoi oiliúint le céim a fháil óna leithéid clár in 2017.

Ag an am céanna, chomhaontaigh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí céime chun críche clárúcháin. Sna líon beag cásanna inar aithníodh mion-easnaimh, tabharfar dóthain ama do na múinteoirí faoi oiliúint chun dul i ngleic leo seo roimh iarratas a dhéanamh le haghaidh clárúcháin.

# 4 Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil



Sa Chód Iompair Ghairmiúil leagtar amach na caighdeáin den eolas, oilteacht, cumas agus iompar gairmiúil lena bhfuiltear ag súil ó mhúinteoirí cláraithe.

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí chaighdeáin arda i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Baintear an aidhm sin amach trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.**

Leagtar amach sa Chód Iompair Ghairmiúil na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is ráiteas é an Cód faoinar chóir a bheith i gceist leis an dea-theagasc agus an chuma ba chóir a bheith air. Is doiciméad reachtúil é agus úsáidfear mar phointe tagartha é nuair a bheidh fiosrúcháin á ndéanamh i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh múinteora.

Nuair a thiocfaidh Feidhmiúlacht chun Múineadh (Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001) i ngníomh, beidh údarás dlíthiúil ag an gComhairle gearáin a dhéantar faoi mhúinteoirí cláraithe a imscrúdú. A luaithe is a dhéantar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus déanfar cinneadh ar chóir déileáil leis trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle.

Sa Bhille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015, tugtar isteach cúinsí breise inar féidir gearán a dhéanamh, lena n-áirítear drochfheidhmíocht ghairmiúil agus, i gcásanna áirithe, ciontuithe. Beidh an Chomhairle, tar éis éisteachta araíonachta, in ann cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh nó cáineadh a thabhairt don mhúinteoir i scríbhinn, coinníollacha a leagan ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí.

Táthar ag súil go mbeidh líon mionathruithe eile tugtha isteach sa reachtaíocht achtaithe, agus leis seo beidh reachtaíocht Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle ag teacht le reachtaíocht na gcomhlachtaí gairmiúla rialála eile.

Táthar ag súil go dtosófar leis an reachtaíocht leasaithe sa dara leath in 2015 agus tá an phleanáil don tosach feidhme ar bun ar an mbunús seo. I measc na hoibre ullmhúcháin a bhí ar siúl i rith na bliana tuairiscithe earcaíodh an fhoireann do rannóg Caighdeán Gairmiúla na Comhairle Múinteoireachta, an rannóg atá freagrach as a bheith ag déileáil le gearáin agus fiosruithe.

# 5 Teagasc, Foghlaim agus Taighde



**Tá ríthábhacht leis na caighdeáin arda a chur chun cinn ar fud an leanúntais oideachais múinteoirí d'obair na Comhairle Múinteoireachta. Tosaíonn feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo nuair a thosaíonn múinteoir leis an oideachas tosaigh múinteoirí, agus leanann siad ar aghaidh do ghairmréim uile an mhúinteora.**

### Athbhreithniú agus creidiúnú

Déanann an Chomhairle athbhreithniú agus creidiúnú ar na cláir oideachais tosaigh múinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú le dul isteach sa ghairm.

Rinneadh athbhreithniú ar fhiche a ceathair chlár idir mí an Mhárta 2014 agus mí an Mhárta 2015, agus ar an gcaoi sin tugadh an próiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe chun críche don 59 chlár athchoincheaptha (bunscoile agus iarbhunscoile) d'oideachas tosaigh múinteoirí. Bhí na painéil a rinne athbhreithniú ar na cláir sin faoi chathaoirleacht an Ollaimh Sheelagh Drudy, an Ollaimh (Emeritus) John Coolahan, an Ollaimh (Emeritus) Áine Hyland agus an Ollaimh Anthony Finn. Tríd an bpróiseas seo, rinne an Chomhairle maoirseacht ar athrú radacach ó bhonn den oideachas tosaigh múinteoirí inar cruthaíodh níos mó spáis agus ama leis an gcleachtadh machnamhach a fhorbairt. Tá na chéad chéimithe de na cláir nua seo le céim a bhaint amach in 2016.

Thosaigh meastóireacht ar an bpróiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe i rith na bliana, agus bhí an t-aiseolas ón gcéad chéim den mheastóireacht á chur i dtoll a chéile ag deireadh na bliana tuairiscithe.

### Ionduchtú agus promhadh

Caithfidh múinteoirí nuacháilithe clár ceardlainne ionduchtúcháin a chur i gcrích leis an gclárú iomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bhaint amach. I mí Iúil 2014, tugadh isteach solúbthacht bhreise sa chlár le go mbeifí in ann aitheantas a thabhairt don fhoghlaim ghairmiúil scoilbhunaithe leis na meantóirí agus le gníomhaíochtaí ionduchtúcháin. Chomh maith leis sin, cuireadh roinnt ceardlann ar fáil ar laethanta neamh-theagaisc chun an fháil ar an gclár a mhéadú.

Tá sé mar aidhm ag Droichead, an tsamhail ionduchtúcháin agus promhaidh do mhúinteoirí nuacháilithe atá beartaithe ag an gComhairle, tuilleadh feabhais a chur ar an tacaíocht a fhaigheann múinteoirí nuacháilithe sa chéad bhliain agus iad sa ghairm. Ag deireadh ba bliana, bhí 149 bunscoil agus iarbhunscoil rannpháirteach in Droichead.

I mí Aibreáin 2014, reáchtáladh lá comhfhoghlama do scoileanna Droichead chun na heispéiris a chomhroinnt agus an fhoghlaim a léiriú. Bhí ionadaithe ón 104 scoil ina bhfuil meantóirí oilte, ar mhian leo tuilleadh a fháil amach faoi Droichead, i láthair freisin.

Bunaíodh Grúpa Pleanála Ionduchtúcháin Droichead i mí Feabhra 2015 le cur chuige comhtháite a chinntiú i dtreo chur i bhfeidhm agus fhorbairt bheartas Droichead agus an ionduchtúcháin, idir an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Cumann na nIonad Oideachais do Mhúinteoirí in Éirinn.

Bunaíodh grúpa oibre de mhúinteoirí nuacháilithe ag ghlac páirt i bpróiseas Droichead i mí Eanáir 2015. Príomhchuspóir an ghrúpa oibre is ea tacaíocht a thabhairt do bheartas a fhorbairt i dtaca le punanna foghlama gairmiúla. Bunaíodh grúpa oibre de phríomhoidí Droichead, lena n-áirítear príomhoidí atá ag teagasc, chun críche aiseolas a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt don Chomhairle chun próiseas Droichead a chur chun cinn i measc scoileanna eile.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí forbairt á déanamh ar ríomhleabhar Droichead. San áireamh sa ríomhleabhar beidh gearrthóga físe sa ríomhleabhar ag déanamh cur síos ar cad is brí le Droichead de réir na mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna a bhfuil baint acu leis, lena n-áirítear comhairle ar conas tosú, agus dearcthaí na múinteoirí ar na buntáistí a bhaineann le bheith rannpháirteach i bpróiseas Droichead. Rinneadh Treoir Droichead a nuashonrú don scoilbhliain 2015/2016 freisin chun an t-aiseolas a fuarthas a chur san áireamh.

Tá fianaise á bailiú ag an Instítiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ó scoileanna atá rannpháirteach in Droichead chun cur le smaointeoireacht na Comhairle agus, i rith na bliana, eisíodh ceistiúcháin chuig 324 scoil: 123 scoil Droichead agus 201 scoil nach bhfuil mar chuid de phróiseas Droichead. Aithníodh dó dhéag scoil cás-staidéir freisin le téamaí atá ag teacht chun cinn a iniúchadh níos mine.

### Fobairt ar chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí

Thosaigh an chéad chéim comhairliúcháin maidir le creatlach um fhoghlaim múinteoirí san fhómhar in 2014. Próiseas comhairliúcháin ar leith a bhí i gceist leis seo toisc nach raibh i gceist go mbeadh an Chomhairle i gcomhairle ar dhréacht ullmhaithe den chreatlach. Seachas sin, tugadh cuireadh do mhúinteoirí a dtuairimí a chur ar fáil ar dtús sular cuireadh tús leis an bpróiseas dréachtaithe. Ar an mbealach sin, bhí an ghairm in ann dul i bhfeidhm ar an gcéad dréacht den chreatlach.

Is é a bhí i gceist sa phróiseas ná trí chuid de chomhairliúchán: suirbhé ar líne; ceardlanna comhairliúcháin in ionaid oideachais; agus, aiseolas ón scoil uile i ndiaidh ceardlann scoilbhunaithe.

Chomh maith leis sin, go luath i mí an Mhárta 2015, reáchtáil an Chomhairle cruinniú leis na múinteoirí cláraithe a rinne taighde maidir le foghlaim múinteoirí, nó i réimsí lena mbaineann, chun plé a dhéanamh ar phríomhthorthaí a gcuid taighde agus, go háirithe, na rudaí a d'fhoghlaim siad ón athbhreithniú a rinne siad ar an litríocht sa réimse seo. Ar an iomlán, bhí 3,349 rannpháirtí bainteach sa chéad chéim seo den chomhairliúchán.

### Taighde

Anois is arís, tugann an Chomhairle faoi thaighde agus déanann sí é a choimisiúnú ar ábhair a bhaineann lena ról. I rith na bliana, bhí taighde ar bun maidir leis na riachtanais le fáil isteach sna cláir oideachais tosaigh múinteoirí, socrúchán scoile, agus samhail Droichead le haghaidh ionduchtúcháin agus promhaidh.

Ó mhí Mheán Fómhair 2013 ar aghaidh, bhí rochtain saor in aisce ag na múinteoirí cláraithe ar an bpacáiste EBSCO Education Source package, bailiúchán de níos mó ná 1,700 irisleabhar, rogha ríomhleabhar, agus acmhainní taighde breise. Mar fhreagra ar an aiseolas dearfach a fuarthas ó mhúinteoirí, rinne an Chomhairle athnuachan ar a ceadúnas don bhailiúchán EBSCO Education Source agus cuireadh leis chun an bailiúchán Foinse Ceannaireachta agus Bainistíochta a chur leis. Sa bhailiúchán Ceannaireachta agus Bainistíochta tá na mílte taifead de théacsanna iomlána curtha ar fáil, lena n-áirítear clúdach iomlán le haghaidh níos mó ná 320 teideal. Rinne múinteoirí cláraithe 85,420 cuardach ar an iomlán ar EBSCO idir mí Mheán Fómhair 2013 agus mí an Mhárta 2015.



Tá rochtain saor in aisce ag múinteoirí cláraithe ar phacáiste Foinse Oideachais EBSCO, bailiúchán de níos mó ná 1,700 irisleabhar, bailiúchán de ríomhleabhair agus acmhainní taighde breise.

# 6 Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus cumarsáid




**Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun na róil atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.**

**I rith na bliana, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:**

- reáchtáil sí an dara **FÉILTE** bliantúil ar an 4 Deireadh Fómhair
- d'eisigh sí trí ríomhiris, agus breathnaíodh orthu níos mó ná **120,000** uair
- bhí níos mó ná 1.4m cuairt aice chuig a láithreán gréasáin, agus bhí **62%** díobh seo ó chuairteoirí nua
- mhéadaigh sí a leantóirí Twitter faoi níos mó ná **4,000**
- d'fhreastail sí ar líon comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe oideachais, agus
- bhuail sí le múinteoirí faoi oiliúint sa bhliain deiridh i 16 institiúid ardoideachais.

### Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle teagmháil réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. I rith na bliana, eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt a bhain le raon saincheisteanna, lena n-áirítear FÉILTE agus Alt 30.

## FÉILTE

Bhí FÉILTE 2014 ar siúl ar an 4 Deireadh Fómhair i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath. Bhí níos mó ná 1,000 duine rannpháirteach san ócáid, idir freastal ar an láthair agus breathnú ar líne. Roghnaíodh níos mó ná 50 tionscadal le freastal ar FÉILTE agus a saothar a chur ar taispeáint.

Ba iad seo a leanas roinnt de na samplaí de na tionscadail ar leagadh béim orthu ar an lá: ag foghlaim trí ghníomhaíocht fhisiciúil do scoláirí baineanna sa tsraith shinsearach; cláir ghluaiseachta do leanaí bunscoile a bhfuil deacrachtaí acu leis an litearthacht; treoirlínte dea-chleachtais don oideachas neamhoird de chuid speictream an uathachais i ranganna speisialta i mbunscoileanna príomhshrutha; an naineolaíocht do leanaí bunscoile; agus, conas is féidir leis an raidió pobail agus scoileanna comhnascadh le chéile.

Thosaigh an lá nuair a thug Ryan Tubridy, an craoltóir, an eochairóráid, agus bhí trí dhíospóireacht painéil faoi chathaoirleacht Matt Cooper, an t-iriseoir agus craoltóir, agus léiriú ó Chór Náisiúnta na Leanaí. Dhírigh na díospóireachtaí painéil ar na téamaí faoin bhfolláin, riachtanais na múinteoirí nuacháilithe agus riachtanais na múinteoirí le taithí. Ag an díospóireacht painéil maidir leis an bhfolláine bhí ionchur ón gceoltóir aitheanta Bressie, an t-iar-iománaí Corcaíoch Conor Cusack agus láithreoir Voice of Ireland Eoghan McDermott, agus labhair gach duine díobh go poiblí faoina n-aistir phearsanta féin. Thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, caint don lucht féachana freisin.

San áireamh sa chlúdach a bhí sna meáin bhí: alt leathanaigh iomláin san The Irish Times faoi chúig smaoineamh mhóra a chuirfí i láthair ag FÉILTE; alt san Irish Indepenedent maidir le Clár Aistear atá i réamhscoil i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath, a bhí ar taispeáint ag FÉILTE freisin; agus, agallamh raidió ar an Ryan Tubridy Show le Conor Cusack, duine de na cainteoirí painéil faoin bhfolláine.

## Páipéir agus foilseacháin

Déanann Stiúrthóir na Comhairle páipéir a chur i láthair go rialta ar shaincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle mar chuid den straitéis chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn. I rith na bliana, cuireadh páipéir i láthair lena n-áirítear an nuálaíocht san fhoghlaim, deiseanna agus dúshláin ghairmiúla, ról an ghairmí agus athruithe á gcoinneáil, agus an taighde, teagasc agus foghlaim á gcomhtháthú le chéile.

Tá na páipéir sin agus páipéir eile ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle agus scaiptear iad trí Twitter agus na ríomhirisí freisin.

Chuir an Chomhairle líon doiciméad ar fáil i rith na bliana, lena n-áirítear: Tuarascáil Bhliantúil 2013/14; lámhleabhar clárúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe; Treoir Droichead do Scoileanna Píolótacha 2014-15; bileog ar choinníollacha clárúcháin; agus, Nósanna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh 2014/2015.

## Múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

I rith na bliana tuairiscithe thug an Chomhairle cuairt ar mhúinteoirí faoi oiliúint ina mbliain deiridh dá gcuid staidéar i 16 institiúid ardoideachais. Ag gach cuairt mhínigh an Chomhairle an bhaint atá ag a cuid oibre le gairm múinteora agus an próiseas clárúcháin.

## An Láithreán Gréasáin

Bhí os cionn 1.4m cuairt ar láithreán gréasáin na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe, agus bhí 62% díobh a tháinig ó chuairteoirí nua.

Cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an láithreán gréasáin i rith na bliana.

## An Ghaeilge

Déanann an Chomhairle foráil ar leith chun a seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, faoi threoir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I rith na bliana, rinne an Chomhairle deimhin de gur thug duine le Gaeilge freagra ar chumarsáid a fuarthas as Gaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar an nguthán. Cuireadh foilseacháin agus ríomhirisí uile na Comhairle ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2014. Fuair an Chomhairle cúig iarratas faoi Shaoráil Faisnéise i rith na bliana.

# féilte 2014


RESERVED SPEAKER
RESERVED SPEAKER


féilte
FÉILTE 2014
#féilte




féilte
2014









# 7 Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil



**An aidhm atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta ná eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a reáchtáil.**

### Airgeadas

Caiteachas na Comhairle i mbliain airgeadais 2014 ba ea €5.14m. Ioncam na Comhairle (tar éis cánach agus le hús san áireamh) ba ea €6.36m.

### Cóiríocht

Cuireadh i gcrích an foirgneamh óna bhfeidhmíonn an Chomhairle a cheannach i rith na bliana tuairiscithe. Tá socruithe á ndéanamh le cuid den fhoirgneamh a fheistiú chun freastal ar éisteachtaí maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh, chomh maith le cruinnithe Comhairle agus coistí.

### Acmhainní daonna

Ceadaíodh seacht bpost bhreise, a bhí riachtanach mar gheall ar an méadú a tháinig ar fheidhmeanna na Comhairle. Cuireadh tús leis an bhfoireann don rannóg Caighdeán Gairmiúla a earcú le linn na bliana tuairiscithe nuair a ceapadh Oifigeach Caighdeán Gairmiúla. Ceapadh Oifigeach Foghlama Gairmiúla agus Oifigieach Clárúcháin freisin.

Cuireadh feabhas leis an seirbhís teileafóin nuair a cuireadh feidhm seirbhísí bainistithe i bhfeidhm i rith na bliana tuairiscithe roimhe agus cuireadh feabhsuithe próisis i bhfeidhm sa réimse riaracháin.

### Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na córais TF a thacaíonn leis an gComhairle agus forbraíodh straitéis TF, a chlúdaíonn an tréimhse idir 2015 agus 2020.

### Plean Straitéiseach

Forbraíodh plean straitéiseach don Chomhairle, a chlúdaíonn idir 2015 agus 2017. Tar éis comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara, foilsíodh é go luath in 2015. Sa phlean leagtar amach spriocanna straitéiseacha na Comhairle don chéad trí bliana eile, ag féachaint ar an gcomhthéacs i gcoitinne do na spriocanna sin. Cuirtear treoir straitéiseach ar fáil do na réimsí den chlárú, den mhúinteoireacht, den fhoghlaim agus taighde, agus den Fheidhmiúlacht chun Múineadh.



# Aguisíní


## Aguisín 1

Ráitis Airgeadais 22

## Aguisín 2

Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta 37

## Aguisín 3

Coistí agus painéil 38

## Aguisín 4

Costais Chomhaltaí na Comhairle 2014 43

# Aguisín 1
# Ráitis Airgeadais

## Eolas faoin gComhairle

**Cathaoirleach:**
Micheál Ó Gríofa

**Leas-Chathaoirleach:**
Bernie Ruane

**Comhaltaí na Comhairle:**
Michael Barry
Noel Buckley
Kieran Christie
Dr Marie Clarke
Eimear Cole
John Conlon
Lily Cronin
Derbhile de Paor
Elaine Devlin
Dr Ken Fennelly
Eileen Flynn
Prof. Michael A. Hayes
Marie Humphries
Declan Kelleher
Mary Kelly
Áine Lynch
Christopher Maginn
Dr Deirdre Mathews
Brendan McCabe
Fergal McCarthy
Anne McElduff
Dr Andrew McGrady
Prof. Marie McLoughlin
Patrick McVicar
Dympna Mulkerrins
Bríd Ní Raghallaigh
Diarmuid Ó Murchú
Kathleen O'Connor
Prof. Joe O'Hara
Bernadine O'Sullivan
Eleanor Petrie
Don Ryan
Joan Russell
Frank Turpin
Milo Walsh

**Iniúchóirí**

**Anne Brady McQuillans DFK**
Cuntasóirí Cairte &
Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

**Seoladh Gnó**

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Baincéirí**

**Banc na hÉireann**
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Banc AIB plc**
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Aturnaetha**

**McDowell Purcell Partnership**
Aturnaetha
Foirgneamh Chéipil
Mainistir Mhuire,
Baile Átha Cliath 7

**Arthur Cox**
Aturnaetha
Ionad Phort an Iarla
Ardán an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

# Clár An Ábhair


| | |
|---|---|
| Tuairisc na Comhairle | 24 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle | 25 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 26 |
| Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha | 27 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 28 |
| Clár Comhardaithe | 29 |
| An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim | 30 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 31 |




# Tuairisc na Comhairle

## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

Cuireann an Chomhairle a tuairisc i láthair, mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta (The Teaching Council) ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghníomhaíocht agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is é príomhghníomhaíocht na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin i ngairm na múinteoireachta a rialú. Tugann an Chomhairle faoi thaighde a dhéanamh thar ceann na gairme. Le linn 2014 dhírigh taighde na Comhairle go príomha ar na réimsí Ionduchtúcháin agus Promhaidh agus ar na riachtanais iontrála sa ghairm.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2014.

### Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Rinne an Chomhairle measúnú ar na rioscaí seo a leanas agus tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích acu chun na rioscaí seo a bhainistiú sa Chomhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

#### Acmhainní Foirne

Tá acmhainní foirne teoranta ag an gComhairle de réir mar a ghlacann sí le feidhmeanna breise. Fuarthas cead seacht bpost bhreise a chruthú. Ina theannta sin, d'aistrigh an Chomhairle an fhreagracht as cuid den ghnáthobair riaracháin chuig socrú seirbhísí bainistithe a chuirtear ar fáil go hinmheánach.

#### Eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil tús curtha lena bhfeidhm

Ní raibh tús curtha le feidhm eilimintí áirithe de chuid an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 in 2014, rud a chuir srian le raon feidhme na Comhairle. Ní raibh tús curtha le feidhm Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh), ná Alt 39 (Forbairt

Ghairmiúil Leanúnach) ach go háirithe. Chuir an tAire Oideachais agus Scileanna in iúl go gcuirfidh sí tús le feidhm Chuid 5 in 2015.

### Torthaí

Is é barrachas na bliana tar éis dímheas agus cánachas a chur san áireamh €1,218,911 (2013: €1,477,743). Nuair a chuirfear tús le feidhmeanna breise na Comhairle Múinteoireachta (dá dtagraítear san alt roimhe seo) tiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas bliantúil na Comhairle.

### Forbairtí sa Todhchaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé beartaithe aici tús a chur le feidhm Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Feidhmiúlacht chun Múineadh) in 2015.

### Leabhair Chuntais

De réir alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

### Na hIniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

### Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó ar gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

### Íocaíocht le Creidiúnaithe

Aithníonn Comhaltaí na Comhairle an fhreagracht atá orthu lena chinntiú go gcomhlíonann sí forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Is é polasaí na Comhairle Múinteoireachta téarmaí íocaíochta a chomhaontú leis na soláthraithe uile agus cloí leis na téarmaí íocaíochta sin.

Thar ceann na Comhairle,

**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**25ú Bealtaine 2015**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle i leith na Ráiteas Airgeadais

Is ar an gComhairle atá an fhreagracht as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn (na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais).

De réir dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina ndéantar cur síos fíor cothrom ar staid ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoimhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh sí leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Tá an Chomhairle freagrach as an suíomh gréasáin a chothabháil agus a choinneáil slán. Féadfaidh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann na Comhairle,

**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach


**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**25ú Bealtaine 2015**

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.
2. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á chur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.
3. Chuir an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm atá deartha chun a chinntiú go ndéanfar rialú in
   a) déantar cinnte go gcothaítear timpeallacht rialaithe chuí trí chúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe a aithint agus chun freagairt dóibh.
   b) tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas.
   c) úsáidtear córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais.
   d) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh.
   e) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, lena n-áirítear feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta.
4. Tugann obair fhoireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, ar a bhfuil an fhreagracht as an gcóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus an Choiste Iniúchóireachta agus na tuairimí a chuireann na hiniúchóirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí uathu treoir don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.
5. Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2014.

Thar ceann na Comhairle,



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach

**25ú Bealtaine 2015**

# Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha

## Do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na mbeartas cuntasaíochta lena mbaineann.

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúchóireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a lua leo i dtuairisc an iniúchóra agus ní ar mhaithe le haon ní eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

### Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na nIniúchóirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, ní foláir dúinn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta a chomhlíonadh.

### Scóip feidhme iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Clúdaíonn sé na nithe seo a leanas: cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta i comhréir le cúinsí na Comhairle agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach agus an ndearnadh iad a nochtadh mar is cuí; réasúntacht meastachán cuntasaíochta shuntasacha atá déanta ag comhaltaí na Comhairle; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán agus aon fhaisnéis ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuaireamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle léite againn chun na neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a aithint ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuaireamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a mheas.

### An Tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig, 2014 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar chríoch an lá sin, agus
- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuaireamar gach píosa faisnéise agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leis chun críche an iniúchta. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle leis na ráitis airgeadais.

**Natalie Kelly**

*ar son agus thar ceann*
**Anne Brady, McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Uíbh Eachach**
**Bóthar Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2**

**25ú Bealtaine 2015**

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 6,117,103 | 5,930,856 |
| Táillí Creidiúnaithe | | 32,500 | 24,000 |
| Ioncam Eile | | 50,256 | 477 |
| **Ioncam Iomlán** | 2 | 6,199,859 | 5,955,333 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (185,644) | (282,262) |
| Costais Foirne | | (2,669,671) | (2,510,785) |
| Costais Riaracháin Eile | | (1,001,571) | (872,940) |
| Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe | | (186,797) | (180,765) |
| Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin | | (81,628) | (137,175) |
| Costais Teicneolaíochta Faisnéise | | (169,976) | (126,074) |
| Costais Chumarsáide agus Oideachais | | (663,814) | (446,426) |
| Dímheas | 7 | (180,754) | (157,898) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (5,139,855) | (4,714,325) |
| Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail | | 269,333 | 390,217 |
| **Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | 3 | 1,329,337 | 1,631,225 |
| Cánachas | 6 | (110,426) | (153,482) |
| **Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánachais** | | 1,218,911 | 1,477,743 |

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'eascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 31 go 36.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 25ú Bealtaine 2015 agus síníodh iad thar a ceann ag:



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**25ú Bealtaine 2015**

# An Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2014

| | | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | | 4,192,206 | | 403,146 |
| Infheistíochtaí | 8 | | 10,594 | | 10,594 |
| | | | 4,202,800 | | 413,740 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | 77,836 | | 29,217 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 13,368,460 | | 15,934,926 | |
| | | 13,446,296 | | 15,964,143 | |
| **Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | 10 | (183,579) | | (131,277) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 13,262,717 | | 15,832,866 |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | 17,465,517 | | 16,246,606 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | 11 | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | 11 | | 13,465,517 | | 12,246,606 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 17,465,517 | | 16,246,606 |

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 31 go 36.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 25ú Bealtaine 2015 agus síníodh iad thar a ceann ag:



**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**25ú Bealtaine 2015**

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim


## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin (roimh ús faighte) | | 1,060,004 | 1,241,007 |
| Dímheas | | 180,754 | 157,898 |
| (Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe | | (48,619) | 39,981 |
| Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe | | 52,302 | (58,173) |
| **Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 1,244,441 | 1,380,713 |

| | Nótaí | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim** | | | |
| Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 1,244,441 | 1,380,713 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas | 13 | 269,333 | 390,217 |
| Cánachas | 13 | (110,426) | (153,482) |
| Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais | 13 | (3,969,814) | (134,486) |
| **Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | (2,566,466) | 1,482,962 |

| | Nótaí | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí** | 14 | | |
| (Laghdú) / Méadú ar airgead tirim sa bhliain | | (2,566,466) | 1,482,962 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2014 | | 15,934,926 | 14,451,964 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2014** | | 13,368,460 | 15,934,926 |

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 25ú Bealtaine 2015 agus síníodh iad thar a ceann ag:





**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**25ú Bealtaine 2015**

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

**1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsiú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

**1.2. Ioncam**

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas. In 2014, cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí den fhoirgneamh. Cuirtear é seo san áireamh faoi “Ioncam Eile” sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas**

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fónta ionchais, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh | - | 2.5% de réir méid chothroim |
| Daingneáin agus Feistis | - | 10% de réir méid chothroim |
| Bogearraí Ríomhaire | - | 20% de réir méid chothroim |
| Trealamh Ríomhaire | - | 33.33% de réir méid chothroim |

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdú i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

I rith na bliana cheannaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta áitreabh, níor cuireadh an clárú i gcrích go dtí mí Dheireadh Fómhair, toisc nach ndearnadh leithéid dímheasa a mhuirearú le linn na tréimhse. Cuirfear tús leis an dímheas in 2015 ag ráta 2.5% de réir méid chothroim in aghaidh na bliana.

**1.4. Infheistíochtaí**

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta a lua mar chostas lúide foráil do laghduithe ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainne seasta airgeadais, agus aon cháin shiarchoinneálach lena mbaineann, sa chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain ina ngnóthaítear é.

**1.5. Pinsin**

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d’fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin is iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra.
  De réir bheartas an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D, agus
- thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanas follasach go n-íocfar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

**1.6. Cánachas**

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é faoi threoir an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe.

**1.7. Cúlchistí Ainmnithe**

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014**

## 2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas Oibriúcháin

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luaitear barrachas oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas | 180,754 | 157,898 |
| Luach Saothair an Iniúchóra | 6,261 | 6,561 |

## 4. Fostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| **Líon na bhfostaithe** | | |
| Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana: | | |
| Fostaithe | 33 | 30 |
| Foireann gníomhaireachta | 1 | 12 |
| | 34 | 42 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais fostaíochta** | | |
| Pá agus tuarastail | 1,519,324 | 1,519,236 |
| Costais leasa shóisialaigh | 98,956 | 93,051 |
| Costais ghníomhaireachta | 32,903 | 451,284 |
| Costais seirbhísí bainistithe | 622,692 | 122,846 |
| Costais eile foirne | 11,347 | 2,025 |
| Costais phinsean | 300,800 | 282,934 |
| Costais oiliúna foirne | 83,649 | 39,409 |
| | 2,669,671 | 2,510,785 |

## 5. Costais Pinsean

Is ionann an costas pinsean agus na ranníocaíochtaí is iníoctha leis an gciste pinsin ag an gComhairle.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014**

## 6. Cánachas

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Cánachas na bliana reatha** | | |
| Cain Ioncaim | 110,426 | 153,482 |

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú in Alt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 d'fhonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab inmhuirir i leith cáin faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cáin choinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

## 7. Sócmhainní Seasta

| | Áitreabh | Daingneáin & Feistis | Bogearraí Ríomhaire | Trealamh Ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2014 | - | 244,495 | 479,148 | 438,315 | 1,161,958 |
| Breiseanna | 3,691,937 | 25,779 | 139,961 | 112,137 | 3,969,814 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 3,691,937 | 270,274 | 619,109 | 550,452 | 5,131,772 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2014 | - | 121,417 | 332,965 | 304,430 | 758,812 |
| Ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - |
| Muirear don bhliain | - | 25,149 | 69,153 | 86,452 | 180,754 |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | - | 146,566 | 402,118 | 390,882 | 939,566 |
| **Glanluachanna leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 3,691,937 | 123,708 | 216,991 | 159,570 | 4,192,206 |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | - | 123,078 | 146,183 | 133,885 | 403,146 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014**

## 8. Infheistíochtaí

| | Infheistíochtaí Liostaithe € | Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2014 | 10,594 | 10,594 |
| Fuascailt i rith na bliana | - | |
| | - | |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 10,594 | 10,594 |
| **Glanluachanna leabhar** | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 10,594 | 10,594 |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 10,594 | 10,594 |

Is ionann na hinfheistíochtaí agus stoc agus bannaí éagsúla Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná mar a léirítear thuas.

## 9. Féichiúnaithe

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe eile | 77,836 | 29,217 |

## 10. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 15,030 | 50,076 |
| Fabhruithe | 168,549 | 81,201 |
| | 183,579 | 131,277 |

San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí:

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| ÍMAT / ÁSPC | (588) | 33,825 |
| PSWT | 15,618 | 16,251 |
| | 15,030 | 50,076 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

## 11. Cúlchistí

| | Cúlchiste ginearálta € | Cúlchiste ainmnithe € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí Tosaigh** | 12,246,606 | 4,000,000 | 16,246,606 |
| Barrachas don bhliain | 1,218,911 | - | 1,218,911 |
| **Cúlchistí Deiridh** | 13,465,517 | 4,000,000 | 17,465,517 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa chúlchiste ginearálta iad.

## 12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar neamhchomaoin agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## 13. Ollsreafaí Airgid Thirim

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas** | | |
| Ús faighte | 269,333 | 390,217 |
| **Cánachas** | | |
| Cáin Ioncaim íoctha | (110,426) | (153,482) |
| **Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (3,969,814) | (134,486) |

## 14. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí


| | Iarmhéid tosaigh € | Sreafaí airgid thirim € | Iarmhéid deiridh € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 15,934,926 | (2,566,466) | 13,368,460 |
| Glanchistí | 15,934,926 | (2,566,466) | 13,368,460 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014**

## 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 25ú Bealtaine 2014 agus síníodh iad thar a ceann ag:





**Micheál Ó Gríofa**
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

# Aguisín 2

# Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

### amhail an 27 Márta 2015

Tá 37 comhalta dheonacha ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag
- ceardchumainn na múinteoirí)
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Téarma oifige na Comhairle is ea idir an 28 Márta 2012 agus an 27 Márta 2016.

Bhuail an Chomhairle le chéile ocht n-uaire le linn na bliana, agus taispeántar tinreamh gach comhalta sa tábla thíos.

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Michael Barry | 8 |
| Noel Buckley | 8 |
| Kieran Christie | 7 |
| An Dr Marie Clarke | 4 |
| Eimear Cole | 7 |
| John Conlon | 3 |
| Lily Cronin | 8 |
| Derbhile De Paor | 7 |
| Elaine Devlin | 6 |
| An Dr Ken Fennelly | 5 |
| Eileen Flynn | 8 |
| An tOll. Michael A. Hayes | 8 |
| Marie Humphries | 7 |
| Declan Kelleher | 8 |
| Mary Kelly | 8 |
| Áine Lynch | 4 |
| Christopher Maginn | 7 |
| An Dr Deirdre Mathews | 8 |
| Brendan McCabe | 7 |

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Fergal McCarthy | 6 |
| Anne McElduff | 6 |
| An Dr Andrew McGrady | 7 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 8 |
| Patsy McVicar | 8 |
| Dympna Mulkerrins | 8 |
| Bríd Ní Raghallaigh | 6 |
| Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) | 8 |
| Kathleen O'Connor | 8 |
| An tOll. Joe O'Hara | 6 |
| Diarmuid Ó Murchú | 7 |
| Bernadine O'Sullivan | 8 |
| Eleanor Petrie | 7 |
| Bernie Ruane | 8 |
| Joan Russell | 7 |
| Don Ryan | 7 |
| Frank Turpin | 4 |
| Milo Walsh | 8 |

# Aguisín 3

# Coistí agus painéil

Bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí agus painéal chun cabhrú léi a cuid oibre a dhéanamh.

## An Coiste Feidhmiúcháin

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta.

Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Michael Barry | 7 |
| An tOll. Michael A. Hayes | 5 |
| An Dr Deirdre Mathews | 7 |
| Brendan McCabe | 5 |
| Fergal McCarthy | 5 |
| Anne McElduff | 6 |
| Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) | 7 |
| Bernadine O'Sullivan | 2 |
| Bernie Ruane | 7 |
| Joan Russell | 6 |
| Milo Walsh | 7 |

## An Coiste Imscrúdúcháin

Nuair a chuirfear tús le feidhm Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, féadfaidh an Chomhairle nó duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin go ndéanfar feidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe a fhiosrú.

Bhuail an Coiste le chéile naoi n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Eimear Cole | 7 |
| Elaine Devlin | 7 |
| Brendan McCabe | 8 |
| Fergal McCarthy | 4 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 4 |
| Dympna Mulkerrins | 9 |
| Bríd Ní Raghallaigh | 7 |
| Bernadine O'Sullivan | 9 |
| Eleanor Petrie | 9 |
| Bernie Ruane (Cathaoirleach) | 8 |
| Joan Russell | 8 |

## An Coiste Araíonachta

Déanfaidh painéal ón gCoiste Araíonachta éisteacht a reáchtáil maidir le gearán a dtarchuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin chuige.

Bhuail an Coiste le chéile naoi n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An Dr Marie Clarke | 2 |
| Lily Cronin | 6 |
| Derbhile De Paor | 8 |
| Eileen Flynn | 9 |
| Marie Humphries | 8 |
| Declan Kelleher | 9 |
| Áine Lynch | 5 |
| Christopher Maginn | 9 |
| Patsy McVicar | 8 |
| Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) | 9 |
| Don Ryan | 9 |
| Frank Turpin | 7 |
| Milo Walsh | 9 |

## An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi gach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle.

Bhuail an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Michael Barry (Cathaoirleach) | 6 |
| Eimear Cole | 5 |
| Lily Cronin | 5 |
| An Dr Ken Fennelly | 3 |
| Marie Humphries | 3 |
| Mary Kelly | 2 |
| An Dr Deirdre Mathews | 6 |
| Fergal McCarthy | 4 |
| An Dr Andrew McGrady | 6 |
| Patsy McVicar | 5 |
| Dympna Mulkerrins | 5 |
| Diarmuid Ó Murchú | 5 |
| An tOll. Joe O'Hara | 5 |

## An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar chúrsaí airgeadais na Comhairle.

Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seisear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| John Conlon | 6 |
| An tOll. Michael A. Hayes | 4 |
| Christopher Maginn | 7 |
| Joan Russell | 5 |
| Don Ryan | 5 |
| Frank Turpin | 4 |
| Milo Walsh (Cathaoirleach) | 7 |

## An Coiste Oideachais

Tá sé de fhreagracht ar an gcoiste seo moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann leis an leanúntas in oideachas múinteoirí.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Noel Buckley | 5 |
| Kieran Christie | 4 |
| An Dr Marie Clarke | 4 |
| Derbhile De Paor | 5 |
| Declan Kelleher | 4 |
| Mary Kelly | 5 |
| Fergal McCarthy (Cathaoirleach) | 5 |
| An Dr Andrew McGrady | 4 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 4 |
| Patsy McVicar | 5 |
| Kathleen O'Connor | 5 |
| An tOll. Joe O'Hara | 4 |
| Don Ryan | 5 |

## An Coiste Iniúchóireachta

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil, éifeachtúil.

Bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| John Conlon | 4 |
| Elaine Devlin | 3 |
| Marie Humphries | 3 |
| An Dr Deirdre Mathews | 4 |
| Joan Russell (Cathaoirleach) | 4 |

## An Fochoiste um Nósanna Imeachta

Tugann an Fochoiste um Nósanna Imeachta tuairisc don Choiste Feidhmiúcháin. Is ar bhonn tionscadail a bhíonn sé ag obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Comhairle.

Bhuail an Fochoiste le chéile uair amháin le linn na bliana agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Declan Kelleher (Cathaoirleach) | 1 |
| Christopher Maginn | 1 |
| Micheál Ó Gríofa | 1 |
| Eleanor Petrie | 1 |
| Bernie Ruane | 1 |

## An Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle.

Bhuail an Painéal le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Elaine Devlin | 8 |
| Eileen Flynn | 5 |
| Dympna Mulkerrins | 8 |
| Kathleen O'Connor | 6 |
| Eleanor Petrie (Cathaoirleach) | 7 |
| Joan Russell | 5 |
| Don Ryan | 8 |

## An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil bhunoideachais. Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhuail an Painéal le chéile cúig huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| John Conlon | 3 |
| An Dr Ken Fennelly (Cathaoirleach) | 3 |
| Christopher Maginn | 3 |
| Brendan McCabe | 3 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 2 |
| Brid Ní Raghallaigh | 3 |
| Diarmuid Ó Murchú | 5 |

## An Painéal um Iarratais Iarbhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil iarbhunoideachais (lena n-áirítear breisoideachas). Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhuail an Painéal le chéile 8 n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seisear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2015:

| Comhalta | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Noel Buckley (Cathaoirleach) | 8 |
| Kieran Christie | 8 |
| Declan Kelleher | 6 |
| Patsy McVicar | 7 |
| Bernadine O'Sullivan | 8 |
| Bernie Ruane | 5 |

# Aguisín 4

## Costais chomhaltaí na Comhairle 2014

Íoctar costais le comhaltaí na Comhairle i leith taisteal ó áit chónaithe nó áit oibre an chomhalta go dtí cruinnithe a bhaineann leis an gComhairle. Ní íoctar táillí ar bith le comhaltaí na Comhairle taobh amuigh de chostais taistil agus cothabhála.

Leagtar amach sa tábla seo mionsonraí na gcostas taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí na Comhairle le linn bhliain airgeadais 2014. Ní bhaineann líon na gcruinnithe a luaitear sa cholún deiridh ach le cruinnithe Comhairle agus Coiste. D'fhéadfadh gur fhreastail comhaltaí an Choiste ar chruinnithe eile thar ceann na Comhairle le linn na bliana. Mar shampla, ghlac roinnt comhaltaí den Chomhairle páirt i bpainéil athbhreithniúcháin nó rinne siad ionadaíocht don Chomhairle ag cruinnithe agus comhdhálacha seachtracha.

| Comhalta den Chomhairle | Contae cónaithe | € | Líon iomlán cruinnithe |
|---|---|---|---|
| Michael Barry | Corcaigh | 7,337 | 28 |
| Noel Buckley | Tiobraid Árann | 7,119 | 24 |
| Kieran Christie | Sligeach | 6,627 | 19 |
| An Dr Marie Clarke | Baile Átha Cliath | 176 | 7 |
| Eimear Cole | Baile Átha Cliath | 939 | 22 |
| John Conlon | Liatroim | 3,571 | 17 |
| Lily Cronin | Ciarraí | 8,958 | 23 |
| Derbhile De Paor | Luimneach | 3,448 | 18 |
| Elaine Devlin | An Lú | 1,609 | 25 |
| An Dr Ken Fennelly | Baile Átha Cliath | 0.00 | 15 |
| Eileen Flynn | Cill Dara | 1,144 | 23 |
| An tOll. Michael Hayes | Luimneach | 2,342 | 14 |
| Marie Humphries | Baile Átha Cliath | 850 | 24 |
| Declan Kelleher | An Clár | 7,001 | 30 |
| Mary Kelly | Baile Átha Cliath | 0.00 | 15 |
| Áine Lynch | Baile Átha Cliath | 0.00 | 10 |
| Christopher Maginn | Baile Átha Cliath | 1,444 | 30 |
| An Dr Deirdre Mathews | Baile Átha Cliath | 0.00 | 26 |
| Brendan McCabe | An Mhí | 1,787 | 24 |
| Anne McElduff | Uíbh Fhailí | 1,134 | 12 |
| An tOll. Marie McLoughlin | Baile Átha Cliath | 734 | 17 |
| Fergal McCarthy | Corcaigh | 7,552 | 21 |
| Patsy McVicar | Dún na nGall | 14,603 | 40 |

| Council member | County of residence | € | Total meetings |
|---|---|---|---|
| Dympna Mulkerrins | Baile Átha Cliath | 1,982 | 34 |
| Kathleen O'Connor | Laois | 1,554 | 19 |
| An Dr Andrew McGrady | Baile Átha Cliath | 1,008 | 21 |
| Micheál Ó Gríofa | Baile Átha Cliath | 4,121 | 34 |
| An tOll. Joe O'Hara | Baile Átha Cliath | 846 | 19 |
| Diarmuid Ó Murchú | Luimneach | 3,778 | 24 |
| Bríd Ní Raghallaigh | Gaillimh | 3,071 | 19 |
| Bernadine O'Sullivan | Baile Átha Cliath | 784 | 27 |
| Eleanor Petrie | Baile Átha Cliath | 3,269 | 27 |
| Frank Turpin | Baile Átha Cliath | 552 | 14 |
| Bernie Ruane | An Clár | 8,133 | 30 |
| Joan Russell | Corcaigh | 5,834 | 34 |
| Don Ryan | Luimneach | 9,000 | 31 |
| Milo Walsh | Port Láirge | 6,028 | 28 |

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Teileafón +353 1 651 7900
R-phost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council